

COMHAD FÍRICÍ: SLÁINTE & CÚRAM SÓISIALTA GCE

SLÁINTE AGUS FOLLÁINE



Leithcheal agus cleachtas in aghaidh leithcheala i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- na téarmaí claontacht agus leithcheal a shainmhíniú
- cur síos ar shamplaí de leithcheal agus cleachtas in aghaidh leithcheala a bhaineann le:
 - cine;
 - creideamh;
 - inscne;
 - míchumas;
 - cumas cognaíoch;
 - meabhairshláinte agus;
 - gnéasacht;
- anailís a dhéanamh ar an dóigh a gcuirfeadh bainisteoirí cleachtas in aghaidh leithcheala chun cinn i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta mar shampla, trí na rudaí seo:
 - polasaithe mar pholasaí gearáin agus polasaí sceithreachta;
 - cleachtais amhaíl baill foirne a oilúint agus a mhaoirsiú;
 - samplaí a leagan síos ina gcleachtas féin;
 - dul i ngleic go díreach le cleachtais leithcheala agus nósanna imeachta araíonachta a úsáid nó gearáin a dhéanamh faoi bhaill foirne lena gcomhlachtaí proifisiúnta féin.



Inneachar an Chúrsa

Bionn tionchar ag leithcheal ar shláinte agus folláine agus tá sé tábhachtach go gcuirtear cleachtais in aghaidh leithcheala chun cinn i ngach suíomh sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta.

Cad é is claontacht agus leithcheal ann?

Dearcadh atá i gceist le claontacht, dearcadh diúltach de ghnáth, atá bunaithe ar aineolas agus steiréitíopaí, mar shampla, a chreidiúint nach bhfuil seandaoine chomh cliste le daoine óga.



Is é atá sa leithcheal caitheamh le daoine go héagórach mar gheall ar a gcine, a dtuairimí, a n-inscne, meabhairghalar, gnéasacht nó míchumas fisiciúil nó foghlama.

Samplaí de leithcheal i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta

- baill foirne ag úsáid téarmaí míchuí cine, mar shampla, DG in ionad sláinte á rá faoi dhuine gur gíofóg é seachas duine den lucht siúil;
- baill foirne ag tabhairt neamhaird ar úsáideoirí seirbhíse nó á scaradh amach mar gheall ar a míchumas, mar shampla, oibrí cúraim in ionad cúram lae nach mbacann le labhairt le húsáideoir seirbhíse atá faoi mhíchumas éisteachta mar gur doiligh é a thuiscint; nó
- oibríthe luathbhlianta i ngrúpa súgartha le páistí ó réimse cultúr ag eagrú imeachtaí le saoirí agus féilte aon chultúir amháin a cheiliúradh agus gan sin a dhéanamh i gcás cultúr eile, mar



shampla, cártaí a dhéanamh d'fhéilte Críostaí, mar an Nollaig, agus gan rud ar bith a dhéanamh le haitheantas a thabhairt do Vaisakhi, féile Shíceach.

Cleachtas in aghaidh leithcheala

Scrúdóidh tú reachtaíocht a ceapadh le hidirdhealú a chosc in aonaid eile, mar shampla, an tAcht in Aghaidh Idirdealú ar Bhonn Míchumais ina n-éilítear ar gach suíomh rochtain a bheith air ag daoine faoi mhíchumas. Diríonn an t-aonad seo, áfach, ar chleachtas **in aghaidh leithcheala** i.e. an rud a **dhéanann** baill foirne i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta le comhionannas a chur chun cinn ar na boinn seo – cine, creidimh, inscne, míchumas, cumas cognaíoch, meabhairshláinte agus gnéasacht. Is dea-chleachtas sin ach is cineál ar leith dea-chleachtais é. Mar shampla, is dea-chleachtas a rogha de bhianna a thabhairt d'úsáideoirí seirbhíse in ionad cúram lae le haghaidh seandaoine sa dóigh go mbeidh béile acu a thaitneoidh leo, ach is cleachtas in aghaidh leithcheala é nuair a chuirtear roghanna ar fáil le freastal ar na riachtanais chothaithe sainiúla a bheadh ag úsáideoirí seirbhíse, riachtanais atá bunaithe ar a greideamh, mar shampla rud eile seachas muiceoil a bheith ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse ar Moslamaigh nó Giúdaigh iad.

Samplaí de chleachtas in aghaidh leithcheala i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta

- Altra cleachtaidh in earnáil na sláinte ag cur míchumais san áireamh agus é ag déanamh cumarsáide le hothair, mar shampla, ag úsáid téarmaí sothuigthe le hothair atá faoi mhíchumas foghlama nó ag cinntiú go bhfuil a aghaidh le hothair a chaithfidh beola a léamh nuair atá sé ag caint;
- baill foirne i naíolann ag cinntiú go léiríonn áiseanna mar ábhair shúgartha agus áiseanna eile cultúir agus cúlraí éagsúla, mar shampla, leabhair agus póstaer a bheith acu ina dtaispeántar daoine ó chini éagsúla; nó
- oibríthe cúraim in ionad cúram lae le haghaidh daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu ag tabhairt le fios go bhfuil gach gníomhaíocht ar fáil don dá inscne, ag moladh d'fhir agus do mhná páirt a ghlacadh nuair a bhítear ag bÁCáil agus ag maisiú cístí cupa.



Ról bainisteoirí i suíomhanna sláinte, cúram sóisialta & luathbhlianta

Tá freagracht ar leith ar bhainisteoirí cleachtas in aghaidh leithcheala a chur chun cinn sna suíomhanna sláinte, cúram sóisialta agus luathbhlianta ina n-oibríonn siad.

Seo roinnt samplaí de na rudaí is féidir le bainisteoirí a dhéanamh –

Oiliúint a eagrú do bhaill foirne ar chleachtas in aghaidh leithcheala

- thig le bainisteoirí a chinntiú go bhfuil oiliúint ar chleachtas in aghaidh leithcheala ina príomhchuid d'ionduchtú baill foirne do bhaill nua foirne le go dtuigfidh siad an tábhacht atá leis fiú sula mbíonn teagmháil acu le húsáideoirí seirbhísí. San ionduchtú ba chóir go gcuirfí chun cinn luachanna an chúraim a bhaineann go soiléir le cleachtas in aghaidh leithcheala; agus
- thig leo oiliúint foirne a eagrú ar chleachtas in aghaidh leithcheala amháil an fhoireann a choinneáil ar an eolas faoi reachtaíocht um chomhdheiseanna agus a chinntiú go bhfuil siad eolach ar pholasaithe agus nósanna imeachta comhdheiseanna san áit oibre. D'fhéadfadh fóraim díospóireachta a bheith ann don fhoireann sa dóigh go dtuigfidh siad cad é atá leithchealach agus an dóigh le páirt a ghlacadh i gcleachtas in aghaidh leithcheala. In oiliúint eile b'fhéidir go n-áireofaí an dóigh le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine fásta atá ar mhíchumas foghlama, mar shampla oiliúint ar Makaton bunúsach.

Polasaí gearáin a bheith ann d'úsáideoirí seirbhíse:

- thig le bainisteoirí polasaí gearán a bheith i bhfeidhm acu le húsáideoirí seirbhíse a spreagadh le gearán a dhéanamh má mheasann siad gur caitheadh go héagórach leo ar bhonn na rudaí seo – a gcine, a gcreidimh, a n-inscne, míchumas, a n-ábaltacht chogneolaíoch, a meabhairshláinte nó a ngnéasacht. Ba chóir go ndéanfaí soiléir d'úsáideoirí seirbhíse sa pholasaí seo go bhfuil sé de cheart acu gearán a dhéanamh agus thig leis an bhainisteoir a chinntiú go dtuigeann siad go bhfuil an polasaí ann, mar shampla trí thagairt a dhéanamh dó i bhfoilseacháin eolais faoin tsuíomh.
- sa pholasaí ba chóir go leagfaí amach an dóigh le gearán a dhéanamh agus an dóigh a bpléifear le gearáin. Nuair a dhéanann úsáideoirí seirbhíse

gearáin faoi idirdhealú ba chóir don bhainisteoir iad a fhiosrú chomh luath agus is féidir agus an toradh a insint do na húsáideoirí seirbhíse.

Polasaí sceithreachta a bheith ann don fhoireann:

- thig le bainisteoirí polasaí sceithreachta a bheith acu a spreagann baill foirne le gearán a dhéanamh faoi chleachtas idirdhealaithe ag baill eile, go fiú ag baill a bhfuil áit níos sinsearaí acu san eagraíocht. Tá sé tábhachtach go gcinntiú an bainisteoir go bhfuil an fhoireann uilig ar an eolas faoin pholasaí;
- thig le bainisteoirí a mholadh do bhaill foirne na nósanna imeachta sceithreachta a úsáid le gearáin a dhéanamh faoi dhaoine eile a bhfuil cleachtais idirdhealaithe ar siúl acu le gur féidir idirdhealú a dhíbirt as an eagraíocht. Thig leo cultúr a spreagadh sa tsuíomh sa dóigh nach mbeidh eagla ar bhaill foirne a bheith ina sceithire;
- ba chóir go leagfaí síos go soiléir sa pholasaí an bealach le gearáin a dhéanamh faoi eachtraí agus ba chóir iad sin a fhiosrú gan mhoill; agus
- thig leis an bhainisteoir nósanna imeachta araíonachta a úsáid le déileáil le baill foirne a bhí páirteach i gcleachtas idirdhealaithe ach na líomhaintí a bheith cruthaithe.

Dúshlán díreach baill foirne agus úsáideoirí seirbhísí a thabhairt nuair a tharlaíonn idirdhealú

- níor chóir do bhainisteoirí neamhaird a thabhairt ar idirdhealú sa tsuíomh in am ar bith biodh baill foirne páirteach nó úsáideoirí seirbhísí
- ba chóir don bhainisteoir labhairt le baill foirne atá páirteach i gcleachtas idirdhealaithe leis an rud atá déanta as casán acu a mhíniú agus ba chóir dóibh nósanna imeachta araíonachta a úsáid le déileáil le baill foirne nuair is cuí – d'fhéadfaí go mbeadh rabhaidh ó bhéal ann nó rabhaidh scríofa, nó fiú briseadh as post i gceist leis sin;
- d'fhéadfadh an bainisteoir gearáin faoi bhaill a dhéanamh lena gcomhlacht proifisiúnta nuair a tharlaíonn eachtraí tromchúiseacha, mar shampla, i gcás altraí atá páirteach in iompar a dhéanann idirdhealú is féidir gearán a dhéanamh

fúthu leis an Chomhairle um Altranas agus Cnáimhseachas (NMC) agus thig leo sin pionós a ghearradh orthu nó fiú iad a bhaint den chlár le nach mbeidh siad ábalta cleachtadh arís; agus

- má tá an t-iompar ag úsáideoirí seirbhísí míchuí, mar shampla, má úsáideann siad teanga chiníoch, tá freagracht ar an bhainisteoir fosta a ndúshlán a thabhairt faoin iompar. Nuair nach ndearnadh d'aonturas é, mar shampla, úsáid a bhaint as teanga mhíchuí, thig leis an bhainisteoir a mhíniú dóibh cad a bheadh níos fóirsteanáí agus nuair a rinneadh d'aonturas é agus go mailíseach, mar shampla bulaíocht trí bhaisteachán, thig leis an bhainisteoir a bheith níos géire agus a dhéanamh soiléir nach nglacfar le hidirdhealú sa tsuíomh.

Gníomhaíochtaí

1. Léigh an tuairisc '[Race Equality in Health and Social Care](#)' le Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann atá ar fáil agus liostáil trí shampla de chleachtas in aghaidh leithcheala a mholtar maidir le gach ceann díobh seo a leanas:
 - oideachas
 - fostaíocht
 - cóiríocht agus tithíocht
 - leas sóisialta
2. Rudaí eile is féidir le bainisteoirí a dhéanamh le cleachtas in aghaidh idirdhealaithe a chur chun cinn –
 - baill foirme gan taithí a mhaoirsiú le go gcloifidh siad le cleachtas in aghaidh idirdhealaithe ina ngnáthlá oibre le húsáideoirí seirbhísí
 - a chinntiú go léirítear réimse cultúr sna háiseanna agus gníomhaíochtaí sa tsuíomh.
 - Dea- eiseamláir a thaispeáint ina gcleachtas féin

Roghnaigh ceann de na pointí sin agus scríobh paragraf. Tabhair samplaí den dóigh a n-éireodh le bainisteoirí sin a dhéanamh.

3. Ceist ar shean-scrúdpháipéar

Sláinte agus Cúram Sóisialta GCE AS Aonad 3 Sláinte agus Folláine Eanáir 2013 3(c)

Déan cur síos ar dhá chineál cleachtas leatromach i suíomh sláinte i suíomh cúram sóisialta, nó i suíomh luathbhlianta.

